

Straitéis Eagraíochta
Amharclann na Mainistreach
2025–2030

Todhchaí bheoga agus bhríomhar





Bhunaigh grúpa beag ealaíontóirí compántas amharclannaíochta 120 bliain ó shin ‘le mothúcháin níos doimhne na hÉireann a léiriú ar an stáitse’. Rinne an splanc sin, tráth spreagtha a streachailte, Amharclann na Mainistreach a thabhairt ar an saol. Ach ní lasair Oilimpigh an splanc sin a dhófaidh gan chúnaimh, mar sin féin; is gá í a lasadh arís agus arís eile. Is é an dúshlán ná conas a shásaímid na prionsabail bhunaidh siúd i gcónaí agus machnamh á dhéanamh ag an am céanna ar an duine atá ionainn anois? Lorgáítear sa straitéis seo an cheist sin a fhreagairt.

Baineann ealaíontóirí athrú amach. Ceanglaíonn beocht na hamharclannaíochta an t-ealaíontóir agus an lucht féachana sa tráth céanna spleodrach, agus is féidir leis an tráth sin bunathrú a bhaint amach ar bhonn aonair agus sochaíoch. Thuig ár mbunaitheoirí acmhainn na hailceimice, a bhí polaitiúil, cathartha agus miotasach, agus conas a chuirfeadh sé i ndeireadh na dála leis an stát nua a chruthú.

Ach, cruthaíonn cineál an stáit sin agus stát na hÉireann féin, go deimhin, sraith an-éagsúil dúshlán inniu, mar sin féin, agus is éagsúil iad riachtanais ár n-ealaíontóirí; ach is ionann go fóill príomhacht an ghaoil sin idir an amharclann agus an t-ealaíontóir.

De réir mar a thógaimid Amharclann Náisiúnta don 21ú hAois, ní foláir dúinn an t-aistriú suntasach ar an méid a bhíonn ár lucht féachana ag súil leis agus ar a n-eispéireas a aithint, go háirithe ár luchtanna féachana níos óige agus iad siúd a mbíonn dúshlán rompu ár n-ionad i mBaile Átha Cliath 1 a bhaint amach. Is ionann amharclannaíocht iontach a dhéanamh agus eispéiris bheoga, spreagthacha, agus bheo a chruthú a fhreastalaíonn ar an lucht féachana, agus orainn féin, go deimhin. Ar mhaithe le freastal ar riachtanais lucht féachana atá ag athrú i gcónaí, ní foláir dúinn pointí rochtana a fhorbairt freisin, bíodh sin trí ardáin dhigiteacha níos éifeachtaí a fhorbairt nó trí dhul ar camchuairt.

Díreofar sna chéad chúig bliana amach romhainn ar conas is féidir linn freastal go hinbhuanaithe agus go héifeachtach ar ár lucht féachana agus ealaín iontach bheo a chruthú, agus ceangal ár bpáirtithe leasmhara le hAmharclann na Mainistreach, Amharclann Náisiúnta na hÉireann a neartú, i gcomhthráth. Ní hamháin go mbeidh ar ár n-eagraíocht, ach beidh ar na healaíontóirí amharclannaíochta, na déantóirí, na hoibrithe, na héascaitheoirí, an lucht féachana, na pátrúin, na deontóirí, na tacadóirí agus ár gcomhpháirtithe earnála uile comhoibriú agus na tosaíochtaí agus na gníomhartha comhroinnte seo a fhiosrú agus a sholáthar, ar mhaithe leis na haidhmeanna a sholáthar a leagtar amach sa straitéis seo.

Ní féidir leis seo tarlú ach le tacaíocht leanúnach ónár maoinitheoirí agus ár gcomhpháirtithe, an Chomhairle Ealaíon, agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.



Ár Luachanna

Léiríonn ár luachanna cé
sinn féin agus cuireann siad
gnéithe bunúsacha an mhéid
a dhéanaimid chun cinn –

Misneach agus samhlaíocht

Ionracas agus údaracht

Spleodar agus cairdiúlacht

Iomláine agus trédhearcacht

Cuspóir

Déanann ár luachanna ár gcuspóir a chur chun cinn agus tá sé bunaithe ar na ceithre ghné seo —

Ardán cróga cruthaitheach

Is í Amharclann Náisiúnta, spás sábháilte inar féidir machnamh a dhéanamh ar rudaí baolacha, an tionscadal ealaíne náisiúnta is fearr a d'fhéadfadh a bheith agat riamh. Tá deis againn agus freagracht orainn tacú le healaíontóirí dul i bpriacail nach féidir le duine ar bith dul ina mbun.

Plé bríoch náisiúnta

Tá athrú ag teacht ar Éirinn i gcónaí ach is ionann forógra a hAmharclainne Náisiúnta i gcónaí, arb é sin a chur ar chumas ealaíontóirí scéalta a insint a bhaineann leis an áit atá bainte amach againn, an áit as ar tháinig sinn agus an áit a bhfuilimid ag triail air.

Eispéireas beoga beo

Creidimid gur eispéireas í an amharclannaíocht a athraíonn an saol, a spreagann paisin, a mhúsclaíonn na céadfaí agus a chothaíonn mothúcháin láidre ar bhealach sábháilte.

Ceannaireacht chultúrtha chuspóireach

Mar gheall gur bunaíodh í sular bunaíodh an Stát, tá áit ar leith i sochaí na hÉireann ag Amharclann Náisiúnta na hÉireann. Tá freagracht níos fairsinge ar Amharclann na Mainistreach agus imríonn sí tionchar níos fairsinge ná díreach i dtaobh amharclannaíochta, bíonn an fhéiniúlacht náisiúnta agus forbairt leanúnach an náisiúin faoina réir freisin.



26

26

JOHN A. LE: STE MURRAY

Amharclann Náisiúnta na hÉireann a chur chun cinn mar institiúid ríthábhachtach den 21ú haois do thír iomlán na hÉireann.

Tá áit ar leith bainte amach ag Amharclann na Mainistreach ó bunaíodh í inár dtírdhreach cultúrtha, tírdhreach a bhfuil athrú mear ag teacht air.

Táimid uailmhianach sa chomhthéacs seo go mbainfear todhchaí amach inar codanna ríthábhachtacha an ealaín agus an amharclannaíocht de shaol na hÉireann, mar shiamsaíocht agus mar rud éigin níos doimhne; mar bhealach dúinn mar mar dhaoine aonair, mar phobail agus mar náisiún le tuiscint níos fearr a fháil ar cé sinn féin, ar an áit atá bainte amach againn agus ar an áit a bhfuilimid ag triail air; mar bhealach dúinn le teanga chomhroinnte chultúrtha a dhéanamh dár dtaithe saoil, ina n-insítear na scéalta a shaibhríonn sinn go léir.

Leis seo a bhaint amach, ní foláir dúinn glacadh le cur chuige dána, muiníneach agus réamhghníomhach le hAmharclann Náisiúnta na hÉireann a chur chun cinn mar institiúid ríthábhachtach den 21ú haois do thír iomlán na hÉireann.

Sracfhéachaint ar Thosaíochtaí Straitéiseacha

Amharclann Náisiúnta na hÉireann a chur chun cinn mar institiúid ríthábhachtach den 21ú haois do thír iomlán na hÉireann. Díreoimid ar cheithre limistéar –

Amharclann Náisiúnta na cruthaitheachta

Cáilíocht, uaillmhian agus nuálaíocht a mhéadú

- Amharclannaíocht ríthábhachtach uaillmhianach a chruthú agus a chur chun feabhais.
- A bheith mar bhinse tástála do thodhchaí amharclannaíochta na hÉireann trí infheistíocht mharthanach i réimse fairsing oibre nua a fhorbairt.
- Ár n-ardán agus ár stáitsí a úsáid le comhráite tábhachtacha náisiúnta a chur chun cinn.
- Cur le neart ár gcláir trí dheis chruthaitheach a dhéanamh de gach rud a dhéanaimid.
- Ár sárshaothair Amharclannaíochta Éireannaí a fhiosrú agus na scríbhneoirí a chruthaigh iad a cheiliúradh.

Amharclann Náisiúnta an cheangail

Aimsiú, ábharthacht agus rannpháirtíocht a fhairsingiú

- Ár gclár a ghíaráil le pobail ar fud oileán na hÉireann a spreagadh agus a spreagadh chun gnímh.
- Lucht féachana de réimse fairsing aoiseanna, cúlraí, ábhair spéise agus peirspictíochtaí a spreagadh.
- Samhlacha camchuirte a thabhairt chun cinn chun lucht féachana a aimsiú i dtírdhreach atá ag athrú.
- Ár mbranda agus ár gcumarsáid a athfhuinnmhiú do ré dhigiteach.

Amharclann Náisiúnta an tsaothraithe

Ár ról chun ár n-éiceachóras a shaothrú agus a chur chun cinn a thabhairt chun cinn.

- Bealaí agus deiseanna d'oibríthe amharclannaíochta a fhairsingiú.
- Comhoibriú agus obair as lámh a chéile níos leithne, níos bríche agus níos oscailte.
- Ár spásanna a chur i ngníomh chun tacú leis an bpróiseas agus leis an gceird agus iad a chur chun cinn.
- Deiseanna a fhiosrú le léargas agus saineolas ar ardán digiteach a roinnt.

Amharclann Náisiúnta an dul chun cinn

Tacú le tionchar fadtéarmach straitéiseach

- Bunáit nua dhinimiciúil a thógáil don Amharclann Náisiúnta.
- Cultúr ionchuisithe a chothú agus éagsúlacht agus comhionannas a leabú i measc ár mbeartas agus ár nósanna imeachta go léir.
- Ár gceangail agus ár gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a fhorbairt.
- Inbhuanaitheacht chomhshaoil a shuíomh i gcofílár gach ruda a dhéanaimid.

Amharclann Náisiúnta na cruthaitheachta



Amharclann Náisiúnta na cruthaitheachta

Déanann an gníomh cruthaitheach ár mbeogacht a chur chun cinn. Ceadóidh díriú ar cháilíocht, ar uaillmhian agus ar nuálaíocht a chothú i ngach rud a dhéanaimid dúinn go léir a bheith mar eiseamláir d'ealaíontóirí, don lucht féachana agus do bhaill den phobal. Ceadóidh an díriú seo dúinn neart uathúil an eispéiris amharclannaíochta beo a ghairíl le 'mothúcháin níos doimhne na hÉireann a léiriú ar an stáitse'.

Amharclannaíocht rithábhachtach uaillmhianach

Beimid mar ardán agus mar áit forbartha ar bheogacht foirm ealaíne nua-aimseartha a fhéachann chun cinn; amharclannaíocht a thacaíonn leis na saothair agus a fhiosraíonn agus a fhairstingíonn iad agus a chruthaíonn spás le foirmeacha amach anseo agus malartacha a shamhlú, ag freagairt do náisiún atá i mbun forbairt sheasmhach.

Crosphailniú cruthaitheach

Leagann ár n-áit sa tsochaí agus an tírdhreach cultúrtha freagracht orainn a bheith mar bhinse tástála do shaothair agus do smaointe nua. Cuirfimid le féidearthachtaí na rannpháirtíochta trí chrosphailniú i measc ealaíontóirí, formáidí, pobal agus comhráite.

An comhrá a stiúradh

Tá mar aidhm ag ár gclár a bheith ina ghríosú, comhrá a spreagadh faoin méid atá i gceist le bheith beo sa domhan faoi láthair, le cuimhneamh ar an áit ónar tháingamar agus leis an méid a d'fhéadfaimis a bhaint amach amach anseo a shamhlú. Aimseoidimid bealaí leis an gcomhrá sin a phlé in áiteanna eile seachas ar an stáitse le níos mó daoine a thabhairt san áireamh ar níos mó bealaí, i bpearsan, agus ar líne.

Tá an clár i gcroílár gach ruda

Tá baint lárnach ag ár gclár ealaíne maidir leis an tuiscint a bhaintear asainn agus le luach a chruthú. Cuirfimid lena neart agus lena thionchar trí dheis cruthaitheach a dhéanamh de gach rud a dhéanaimid in Amharclann na Mainistreach; an nuálaíocht agus an chruthaitheacht i ngach cuid den eagraíocht a chothú.



**Amharclann
Náisiúnta
an cheangail**

Amharclann Náisiúnta an cheangail

Cuirtear braistint uathúil instinniúil cheangail ar fáil in amharclannaíocht. Trínár n-aimsiú, ár n-ábharthacht agus ár rannpháirtíocht a fhairsingiú, is féidir linn an t-eispéireas seo a thairiscint do shraith i bhfad níos fairsinge lucht féachana, agus ceangal bríoch á sholáthar do thráthanna uathúla cruthaitheacha, ár dtaithe saoil, agus do na smaointe níos mó a bhfuil aghaidh á tabhairt againn ar a bhforú.

Spreagadh a leathadh

Cabhróidh ár dtéamaí cláir agus ár gcomhráite a ghíaráil mar spreagadh, eolas, agus rannpháirtíocht linn rannpháirtíocht agus forbairt pobail a chur chun cinn i réimse comhthéacsanna; a cheadaíonn dúinn daoine i bhfad i gcéin a aimsiú, agus a fhorbraíonn bealaí aniar go dtí amharclannaíocht bhríomhar.

Lucht féachana nua a spreagadh

Tá an cultúr ag athrú i gcónaí agus is ar lucht féachana atá ina steillbheatha a mhairimid. Oibreoimid le paisean don ealaín agus d'ealaíontóirí amach anseo a thuiscint agus a spreagadh, a mbeidh réimse níos fairsinge daoine ag mothú go bhfuil fáilte rompu agus gur tugadh cuireadh dóibh dá mbarr.

Samhlacha camchuarite a thabhairt chun cinn

Tá dul ar camchuarite ar cheann de na rudaí is bunúsaí a chuireann ceangal chun cinn d'Amharclann Náisiúnta. Oibreoimid le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta le bealaí nua inbhuanaithe a fhiosrú chun comhoibriú agus le lucht féachana a aimsiú le hamharclannaíocht uathúil ardchaighdeáin.

An branda a fhuinnmhiú

Cé go bhfuil páirt lárnach ag an eispéireas beo maidir lenár mbranda a athfhuinnmhiú agus a athspreagadh don ré dhigiteach tríd an tuiscint a fhairsingiú ar an méid is ciall le hAmharclann Náisiúnta na hÉireann, an méid a dhéanann sí, an bhraistint a bhaintear as sin, agus cé dó a bhfuil sé; a chabhraíonn linn spreagadh a fháil ó gach idirghníomhú, taobh istigh, taobh amuigh agus ar líne, agus páirt a ghlacadh iontu go léir.

Amharclann Náisiúnta an tsaothraithe



Amharclann Náisiúnta an tsaothraithe

Ní foláir dúinn ár ról a thabhairt chun cinn mar choimisinéir, mar fhorbróir agus mar chomhpháirtí le healaíontóirí agus le táirgeoirí in éiceachóras amharclannaíochta atá ag teacht chun cinn. Cuirfimid leis na bealaí a chomhoibrímid, agus a roinnimid léargas, eolas agus acmhainní - a chabhraíonn le scileanna agus tionchar gairme ealaíontóirí agus compántas lena n-oibrímid a mhéadú, agus le ról a ghlacadh i dtionscal sláintiúil faoi rath a thabhairt chun cinn.

Bealaí oibre a fhairsingiú

Athbhreithneoidimid agus cuirfimid lenár mbealaí a fhairsingiú d'ealaíontóirí amharclannaíochta. Déanfaimid dícheall cothromaíocht fholláin a bhaint amach ina n-uasmhéadaítear an líon deiseanna agus comhsheasmhacht na cáilíochta á cinntiú ag an tráth céanna. Geallaimid do bheith cothrom, trédhearcach agus freagrúil lenár mbeartais agus ár bpróisis.

Comhoibriú agus comhar

Ionad cothaithe chultúrtha a bheidh ionann don tionscal níos fairsinge, ina ngealltar d'imeachtaí a chur ar bun agus tionól agus comhléiriúchán a dhéanamh le réimse fairsing comhpháirtithe cultúrtha agus náisiúnta. Cruthóimid ceangail láidre, agus roinnfimid eolas, smaointeoireacht agus acmhainní a théann chun sochair gach duine atá bainteach.

Spásanna feabhais

Cuirfimid ár spásanna ar fud an fhoirgnimh i ngníomh, agus é ina aidhm an próiseas, an fhorbairt, an cheardaíocht, comhráite agus idirghníomhú maidir leis an obair a chur chun feabhais. Cuirfimid spás ar fáil d'ealaíontóirí cónaithe chun díriú ar a gceird.

Ár saineolas a mhéadú

Fiosróimid acmhainn ardáin dhigitigh agus nameán le léargas, scileanna agus saineolas fhoireann Amharclann na Mainistreach a roinnt le lucht féachana níos fairsinge ná mar ar féidir linn tacú leis i gcáil duine le duine.



**Amharclann
Náisiúnta an
dul chun cinn**

Amharclann Náisiúnta an dul chun cinn

Lenár n-aidhmeanna straitéiseacha a sholáthar, agus lena chinntiú go mbainimid uile an rath amach anois agus amach anseo, ní foláir dúinn clár láidir athléimneach baile agus eagraíochta a chur le chéile ina léirítear cé sinn féin, an áit a bhfuilimid ag triail air agus an méid a theastaíonn uainn le tionchar fadtéarmach a chothú.

Ionad dinimiciúil

Tá ionad nua a fhorbairt d'Amharclann Náisiúnta na hÉireann ríthábhachtach maidir le feidhmiú na heagraíochta, leis na healaíontóirí agus le hearnáil amharclannaíochta na hÉireann. Gné ollmhór a bheidh ann le go leor den dul chun cinn a dtugtar cuntas air sa straitéis seo a chur chun cinn. Nuair atá é seo á dhearadh is féidir linn cothroime, inbhuanaitheacht, ionchuimsiú agus tionchar dearfach a chur chun cinn don fhoireann, ealaíontóirí amharclannaíochta, an pobal áitiúil, agus an chathair; agus luach fadtéarmach a sholáthar don náisiún.

Áit ar féidir rath a bhaint amach

Forbróimid cultúr cothaithe, ina leabaítear éagsúlacht, comhionannas agus ionchuimsiú i ngach gné den mhéid a dhéanaimid; le nósanna imeachta agus próisis dhaingne thrédhearcacha, leis an áit is fearr a thógáil dár ndaoine le bheith faoi rath agus le tacú le rath fadtéarmach na heagraíochta.

Bonneagar idirnáisiúnta

Leanfaimid le ceangail, caidreamh agus tionscadail a fhorbairt le comhpháirtithe idirnáisiúnta lenár dtionchar agus ár luach a fhorbairt mar Amharclann Náisiúnta ar leibhéal idirnáisiúnta. Déanfaimid teagmháil le diaspóra domhanda na hÉireann mar a nAmharclann Náisiúnta, agus sinn ag tacú le glór agus le heispéireas Éireannach uathúil agus síorathraitheach ar ardán idirnáisiúnta.

Aistriú glas

Cuirfear inbhuanaitheacht acmhainní comhshaoil an domhain i gcroílár gach ruda a dhéanaimid. Brostóimid ár n-obair go dtí seo, agus cuirfimid ár ngealltanais agus ár ndul chun cinn laistigh agus lasmuigh den eagraíocht in iúl. Cuirfidh inbhuanaitheacht ár gcinntí chun cinn i measc oibríochtaí ar bhonn intí agus ar camchuart agus beidh sí sa cheartlár fad atá bonneagar nua Amharclann na Mainistreach á fhorbairt.



Treochlár Straitéiseach

Seo roinnt de na tionscadail, na tionscnaimh, agus na gníomhartha a chuirfidh dul chun cinn na straitéise seo sna chéad trí bliana eile amach romhainn chun cinn, anuas ar ár gcroílimistéir a dtugtar cuntas orthu dá dtugtar tús áite. Déanfar seiceálacha ar dhul chun cinn gach bliain, agus déanfar athbhreithniú ar an straitéis. Forbrófar gníomhartha don dá bhliain dheireanach agus tabharfar cuntas orthu in 2027.

Limistéar gnímh 01:

Snáitheanna cláir fairsingithe

Limistéar gnímh 02:

Lorg digiteach a fhorbairt

Limistéar gnímh 03:

An plean forbartha a thabhairt chun cinn

Limistéar gnímh 04:

Bonneagar tionscail a shaothrú

Limistéar gnímh 05:

Caomhnóireacht inbhuanaithe a bhunú

Limistéar gnímh 01: Ár snáitheanna cláir a fhairsingiú

Aidhmeanna a thabhairt chun cinn:

- Amharclannaíocht ríthábhachtach uailmhianach a chruthú agus a chur chun feabhais.
- A bheith mar bhinse tástála do thodhchaí amharclannaíochta na hÉireann trí infheistíocht mharthanach i réimse fairsing oibre nua a fhorbairt.
- Ár n-ardán agus ár stáitsí a úsáid le comhráite tábhachtacha náisiúnta a chur chun cinn.
- Cur le neart ár gcláir trí dheis chruthaitheach a dhéanamh de gach rud a dhéanaimid.
- Ár gclár a ghíaráil le pobail ar fud na hÉireann a spreagadh agus a spreagadh chun gnímh.
- Lucht féachana de réimse fairsing aoiseanna, cúlraí, ábhair spéise agus peirspictíochtaí a spreagadh.

Déanfaimid an méid seo a leanas:

Is í an phríomhfhreagracht atá orainn an amharclannaíocht bhunriachtanach a chruthú agus a fheabhsú, trí shaothair nua a chur i láthair agus trí amharc siar ar ár saothair chanónta agus machnamh a dhéanamh orthu agus iad a roinnt go rialta. Ina theannta sin, tá mar aidhm againn cur lenár snáitheanna cláir trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

2025/26

Pailniú

Déanfaimid obair fhoirmiúil dár n-obair agus cuirfimid lenár n-obair atá dírithe ar dhearthaí a aistriú agus ar rannpháirtíocht a fhairsingiú trí chrosphailniú i measc ealaíontóirí, formáidí, pobal agus comhráite.

Méadú

Méadóimid ár stáitsí agus déanaimid idirchaidreamh leis an náisiún ó na stáitsí siúd. Cuirfimid ár ráiteas in iúl trí na léiriúcháin ar stáitse maidir le saincheisteanna a bhaineann le cúrsaí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuirfimid spás ar fáil do shnáithe oibre a chuireann leis seo, agus do na glórtha ar gá éisteacht leo.

Eispéireas

Forbróimid snáithe cláir atá bunaithe ar fháilteachas mar ghné chruthaitheach agus chultúrtha, atá ceaptha cur le cuairt ar Amharclann na Mainistreach mar eispéireas spleodrach beo.

2026/27

Spreagadh

Bunóimid snáithe a chabhraíonn linn cur lenár dtuiscint ar réimse níos éagsúla de lucht féachana, agus de chlár oibre a mheallann iad agus a spreagann iad.

Gríosú

Forbróimid snáithe a cheadaíonn dúinn idirchaidreamh a dhéanamh le réimse fairsing pobal lasmuigh den eagraíocht agus iad a ghríosú agus oideachas a chur orthu agus comhchruthú a dhéanamh leo; ag cur le téamaí, scéalta agus comhráite a eascraíonn ón gcroíchlár ealaíne.

Todhchaí

Forbróimid snáithe ceannaireachta smaointeoireachta a thitfidh amach uair nó dhó sa bliain a chuireann ceannaireacht chultúrtha chun cinn, a dhéanann an amharclannaíocht a shuíomh i gceartlár comhráite náisiúnta, a chruthaíonn luach le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Leanúnach

Forbairt an lucht féachana

Úsáidfimid an struchtúr seo le forbairt bhríoch an lucht féachana a chur chun cinn, a chinntíonn go n-aimsíonn snáitheanna éagsúla lucht féachana éagsúil.

Bunachar sonraí léargais

Tógfaidh an léargas agus an t-aiseolas ó na snáitheanna seo creat struchtúrach sonraí agus léargais a chuireann eolas ar fáil do chinnteoireacht straitéiseach ar fud na heagraíochta.

Léargas a roinnt

Geallaimid an léargas seo a roinnt lenár gcomhpháirtithe agus leis an bpobal i gcoitinne i measc sraith idirchaidrimh.

Limistéar gnímh O2: Lorg digiteach a fhorbairt

Aidhmeanna a thabhairt chun cinn:

- Ár n-ardán agus ár stáitsí a úsáid le comhráite tábhachtacha náisiúnta a chur chun cinn.
- Lucht féachana de réimse fairsing aoiseanna, cúlraí, ábhair spéise agus peirspictíochtaí a spreagadh.
- Ár mbranda agus ár gcumarsáid a athfhuinnmhiú do ré dhigiteach.
- Deiseanna a fhiosrú le léargas agus saineolas ar ardán digiteach a roinnt.

Déanfaimid an méid seo a leanas:

Ár lorg agus ár straitéis dhigiteach a thabhairt chun cinn le heolas níos fearr a chur ar fáil dár lucht féachana éagsúil, chun tacú lenár n-obair, teacht a sholáthar ar ár saineolas agus ár dtaithí agus, dar ndóigh, leanúint lenár seónna a thaispeáint agus ticéid a dhíol.

2025/26

Branda dinimic

Cuirfimid ár straitéis agus ár sócmhainní branda i ngníomh a cheadaíonn dúinn cumarsáid agus ceangal a dhéanamh i dtimpeallacht dhinimiciúil idirghníomhach chun gur féidir linn a bheith lúfar, freagrúil, agus chun gur féidir le hobair agus prionsabail na hAmharclainne Náisiúnta freastal ar riachtanais athraitheacha an lucht féachana agus ar eispéiris idirnasctha.

An suíomh gréasáin a nuashonrú

Déanfaimid ár suíomh gréasáin a nuashonrú le teanga agus teachtaireachtaí nua amhairc a chur san áireamh. Dearfar agus forbrófar suíomh gréasáin nua lenár ról, ár sainchúram agus ár réimse tairiscintí do lucht féachana éagsúil a chur in iúl níos fearr.

2026/27

Iniúchadh agus plean digiteach

Déanfaimid iniúchadh ar ár ngníomhaíocht agus ár bhfeidhmiúlacht dhigiteach go léir lena fheiceáil conas mar a thagann siad lenár ngrúpaí páirtithe leasmhara. Ceadóidh seo dúinn plean comhtháite a bhunú chun ár lorg digiteach a thabhairt chun cinn, agus chun tabhairt faoi ar an mbealach is indéanta agus is inbhuanaithe.

Ardán ábhar

Bunóimid agus fásfaimid ardán ábhar digiteach chun tacú lenár ndíriú láidir ar neart agus ar luach na hamharclannaíochta mar fhoirm bheo ealaíne. Soláthróidh é seo comhthéacs agus teacht ar an smaointeoireacht agus an déanamh, spléachtaí laistiar den chúlra agus machnamh níos doimhne.

Leanúnach

Ábhar léargasach

Imreoidh an FÁTH a shoiléiriú ar bhonn leanúnach tionchar mór ar thuiscint na foirne agus an lucht féachana agus tabharfaidh sé le chéile go leor de na snáitheanna straitéiseacha. Is éard a bheidh sa chur chuige ná tosú ar scála beag agus simplí, agus uailmhian an ábhair a fhorbairt i gcomhthráth leis an gcultúr ar mhaithe lena phleanáil agus a léiriú.

Máistir-rang digiteach

Bainfear triail phíolótach as ábhar 'máistir-rang' digiteach ina roinntear léargas shaineolaithe éagsúla Amharclann na Mainistreach agus fásfar é a luaithe a bhunaítear an t-ardán ábhar.

Limistéar gnímh 03: An plan forbartha a thabhairt chun cinn

Aidhmeanna azthabhairt chun cinn:

- Amharclannaíocht ríthábhachtach uailmhianach a chruthú agus a chur chun feabhais.
- Ár n-ardán agus ár stáitsí a úsáid le comhráite tábhachtacha náisiúnta a chur chun cinn.
- Ár spásanna a chur i ngníomh chun tacú leis an bpróiseas agus leis an gceird agus iad a chur chun cinn.
- Bunáit nua dhinimiciúil a thógáil dár n-Amharclann Náisiúnta.
- Cultúr ionchuimsithe a chothú agus éagsúlacht agus comhionannas a leabú i measc ár mbeartas agus ár nósanna imeachta go léir.
- Inbhuanaitheacht chomhshaoil a shuíomh i gcroílár gach ruda a dhéanaimid.

Déanfaimid an méid seo a leanas:

An phleanáil a chur chun cinn le bunáit nua d'Amharclann Náisiúnta na hÉireann a fhorbairt lena cheadú dúinn go leor snáitheanna tábhachtacha den straitéis a thabhairt chun cinn agus díriú comhbheartaithe ar an tionscadal go himheánach agus le comhpháirtithe tábhachtacha.

2025/26

Comhpháirtithe straitéiseacha

Baileoimid agus cuirfimid comhaontas comhpháirtithe straitéiseacha náisiúnta agus idirnáisiúnta i ngníomh ar féidir leis tacú linn chun gach gné den phróiseas seo a thabhairt chun críche - gnéithe ealaíonta, ailtireachta, oibríochtúla, comhshaoil, uileghabhálachta agus airgeadais.

Comhairliúcháin phobail

Déanfaimid clár comhairliúchán agus ceardlann a phleanáil agus a chur ar bun leis na pobail agus na comhpháirtithe éagsúla a n-imreoidh an fhorbairt seo tionchar orthu. Ina measc seo, ach gan a bheith teoranta dóibh, beidh fostaithe, pobail áitiúla, ealaíontóirí agus oibrítithe ealaíne, comhpháirtithe cultúrtha agus comhlachtaí cistithe Amharclann na Mainistreach.

2026/27

Achoimre dhearaidh

Déanfar achoimre dhearaidh agus forbrófar creat comórtais dearaidh mar thoradh ar na comhairliúcháin seo agus ar an léargas ó chomhpháirtithe straitéiseacha.

Pleanáil réamhghníomhach

De bharr bunáit nua a fhorbairt, beidh ar an eagraíocht díriú agus feidhmiú difriúil. Tabharfaimid faoi chlár pleanála réamhghníomhaí agus forbartha gairmiúla lena chinntiú go bhfuil an eagraíocht agus ár gcomhpháirtithe ullamh.

Leanúnach

Cistiú, Daonchairdeas agus Rannpháirtíocht Chorporáideach

Ag cur leis an obair a rinneadh cheana féin agus le gealltanais reatha, leanfaimid le cistiú a lorg agus a fháil chun an tionscadal a fhorbairt agus a sholáthar.

Ina theannta sin, déanfaimid bealaí le haghaidh rannpháirtíocht fhíor agus sruthanna breise ioncaim a fhorbairt agus a fheabhsú trí roinn agus straitéis athdheartha tabhartas corparáideach agus daonchairdis.

Limistéar gnímh 04: Bonneagar tionscail a shaothrú

Aidhmeanna a thabhairt chun cinn:

- Samhlacha camchuarite a thabhairt chun cinn chun soláthar a dhéanamh i dtírdhreach atá ag athrú.
- Bealaí agus deiseanna d'oibrithe amharclannaíochta a fhairsingiú.
- Comhoibriú agus obair as lámh a chéile níos leithne, níos minice agus go hoscailte
- Ár spásanna a chur i ngníomh chun tacú leis an bpróiseas agus leis an gceird agus iad a chur chun cinn.
- Deiseanna a fhiosrú le léargas agus saineolas ar ardán digiteach a roinnt.
- Cultúr ionchuimsithe a chothú agus éagsúlacht agus comhionannas a leabú i measc ár mbeartas agus ár nósanna imeachta go léir.
- Ceangail agus tionscadail idirnáisiúnta a fhorbairt le seasamh a mhéadú.

Déanfaimid an méid seo a leanas:

Freagracht a ghlacadh as an iomaí ról atá againn mar cheann scríbe, eiseamláir, tionólaí, nascóir agus catalaíoch; na ceangail, an caidreamh agus an bonneagar a thógáil atá lárnach chun tacú le forbairt inbhuanaithe na n-aidhmeanna seo.

2025/26

Ionad cothaithe chultúrtha

Oibreimid le hóstach agus le ceann scríbe fáilteach a dhéanamh d'Amharclann na Mainistreach do chomhráite tábhachtacha cultúrtha agus náisiúnta faoi stiúir eagraíochtaí, gníomhaireachtaí agus ranna comhpháirtithe.

Bealaí éagsúla

Leanfaimid le réimse éagsúil bealaí a fhorbairt, a dhéanamh foirmiúil agus a chur in iúl d'ealaíontóirí, d'oibrithe ealaíon agus don fhoireann theicniúil ag gach céim dá ngairm bheatha chun gur féidir leo obair linn.

Cumarsáid fhreagrúil

Cinnteoimid go gcuireann na bealaí go léir a fhorbraímid cumarsáid agus freagairtí soiléire ar fáil a chinntíonn go bhfuil iad siúd a idirghníomhaíonn leo ar an eolas agus cumasaithe.

2026/27

Tacú le huailmhian

Díreofar ár gcur chuige i leith comhléiriúcháin, le compántais náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tacú le huailmhian níos mó i leith léiriúcháin agus eispéiris ardchaighdeáin amharclannaíochta ar gach taobh.

Spás luachmhar

Déanfaimid ár spásanna go léir a ghíomhachtú chun tacú le tionscadail, uailmhian agus le ceardaíocht ealaíontóirí agus chompántas a n-oibrímid leo a fhorbairt; chun tacú le healaíontóirí tríd an spás machnaimh agus na hacmhainní a sholáthar a theastaíonn uathu le hobair a dhéanann a ngairm bheatha a mhúnlú a fhorbairt.

Líonraí idirnáisiúnta

Leanfaimid le caidreamh agus le tuiscint ar Amharclann na Mainistreach a thógáil le heagraíochtaí cultúrtha agus oideachais; comhpháirtithe a shaothrú do thionscadail amach anseo agus eolas a roinnt; agus comhpháirtíochtaí foirmiúla a bhunú le hAmharclanna Náisiúnta eile.

Leanúnach

Comhpháirtíochtaí náisiúnta

Caidreamh a thógáil agus a lorg comhdheiseanna a fhorbairt le hinstiúidí agus eagraíochtaí náisiúnta.

Smaointeoireacht thrédhearcach

Trínár gcumarsáid agus trínár n-ardán ábhar digiteach a fhorbairt, ach go háirithe, déanfaimid smaointeoireacht agus cinnteoireacht chomhstiúrthóirí Amharclann na Mainistreach, agus ár dtáirgeoirí, scríbhneoirí, stiúrthóirí, agus foirne cruthaitheacha níos soiléire.

Meas

A thuiscint agus a aithint go bhfuil mórphearsa liteartha i nár measc agus nach foláir dúinn leanúint leis na saothair seo a roinnt, a cheiliúradh agus a chur i láthair.

Limistéar gnímh 05: Caomhnóireacht inbhuanaithe a bhunú

Aidhmeanna a thabhairt chun cinn:

- Éagsúlacht, comhionannas agus ionchuimsiú a leabú agus cultúr cothaithe a chothú.
- Ceangail agus tionscadail idirnáisiúnta a fhorbairt le seasamh a mhéadú.
- Inbhuanaitheacht chomhshaoil a shuíomh i gcoilár gach ruda a dhéanaimid.

Déanfaimid an méid seo a leanas:

Struchtúr eagraíochta cothrom le dáta, trédhearcach agus athléimneach a bhunú chun tacú le sláinte fhadtéarmach.

2025/26

Cultúr agus daoine

Cuirfimid leis an obair a rinneadh le hocht mí dhéag anuas le hathbhreithniú a dhéanamh ar phróisis, struchtúir agus cultúr i ngach gné den eagraíocht lena chinntiú go bhfuil córais agus próisis chothroma, athléimneacha agus thrédhearcacha i bhfeidhm againn a thacaíonn lenár gcomhghleacaithe go léir lena chinntiú go mbraitheann siad sábháilte agus go bhfuiltear ag tacú leo ina n-ionad oibre.

Inbhuanaitheacht a chur i ngníomh

Tá seo ar bun cheana féin ach déanfar é a fhoirmiúlú, a shóisialú agus a chur in iúl laistigh agus lasmuigh den eagraíocht. Glacfaimid leis an leabhar glas, agus ár bprionsabail féin á bhforbairt againn, agus pobal don athrú á thógáil againn agus ár ndúshláin agus ár ndul chun cinn á léiriú againn.

DEI a leabú

Tá go leor oibre déanta againn ar DEI (éagsúlacht, cothromas agus ionchuimsiú) i ngach limistéar den eagraíocht. Leanfaimid leis an obair seo a fheabhsú agus a leabú ar leibhéal beartais níos doimhne.

2026/27

Bealaí táirgiúla

Forbróimid bealaí soiléire atá deartha do riachtanais ghairme beatha fhoireann Amharclann na Mainistreach lena chinntiú go dtacaítear le tallann, scileanna agus sármhaitheas agus go ndéantar iad a shaothrú.

Cultúir thacúla

Oibreoidimid i dtreo cultúir inmheánach a fhorbairt a thacaíonn le daoine páirt a ghlacadh san áit a n-imríonn siad tionchar agus a ndéanann siad dul chun cinn; trína róil agus i gcláir agus i dtionscadail níos fairsinge.

Cumarsáid chabhrach

Tá cur chuige níos oscailte, níos áisiúla agus níos comhoibrithí a fhorbairt i leith cumarsáide lárnach chun iontaoibh as an eagraíocht a fhorbairt, arb é sin, ar a uain sin, an bhunchloch chun an cumas a thógáil aghaidh a thabhairt ar na cuspóirí straitéiseacha.

Leanúnach

Cairt chaomhnóireachta

Déanfaimid ár n-obair a leabú níos mó ar chórais níos athléimní a chruthú, agus forbrófar agus bunófar córas oibriúcháin eagraíochta - cairt chaomhnóireachta - a íoslaghdóidh cur isteach, a sholáthróidh comhsheasmhacht agus a fheabhsóidh rialachas ar mhaithe le sláinte fhadtéarmach na heagraíochta agus a cáil, a daoine agus a sócmhainní.



**Amharclann
na Mainistreach**



**Amharclann
Náisiúnta
na hÉireann**

Monatóireacht a dhéanamh ar Dhul chun Cinn

Déanfar monatóireacht, meas agus machnamh ar dhul chun cinn i dTuarascálacha Bliantúla Amharclann na Mainistreach.

Forbrófar rannchuidiú gach baill foirne agus roinne go soiléir agus go comhoibritheach i bplean um chur i bhfeidhm a dhéanfaidh gach ceann de na spriocanna straitéiseacha a fhairsingiú.

Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú ar dhul chun cinn in aghaidh na spriocanna seo go rialta.

Próiseas Comhairliúcháin

Forbraíodh spriocanna straitéiseacha le cúnaimh Scott Burnett ag wove.co i gcomhairle le Feidhmeannacht agus foireann Amharclann na Mainistreach, Bord Amharclann na Mainistreach, an Chomhairle Ealaíon, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus sraith rannpháirteachais níos fairsinge le páirtithe leasmhara.

Cheadaigh Bord Amharclann na Mainistreach an straitéis seo i mBealtaine 2024.

Íomhánna curtha ar fáil, in ord

1. Ó Chlé: Elsa Moatti (veidhlín), Constant Madon (óbó, laistiar den dealbh), Ferghal Curtis, Sarah Van der Vlist (feadóg mhór), Romain Louveau (pianó), Dara Halpin, Michéle Pierre (dordveidhil), Fiona Monbet (stiúrthóir), Cyprien Torann (cnagadh), Joséphine Besançon (dordchlairinéad), Julia Macarez (vióla) in **Elsewhere**. Íomhá: Ros Kavanagh.
2. Ciara Ivie in **Her, Sive**. Íomhá: Ros Kavanagh.
3. Ó Chlé: Rebecca O'Mara, Eva-Jane Gaffney, Kate Stanley Brennan, Taylor McClaine, agus Ebby O'Toole-Acheampong in **The Square Fellow**. Íomhá: Ste Murray.
4. Darragh Shannon in **Tartuffe**. Íomhá: Ros Kavanagh.
5. Amy Conroy in **Every Brilliant Thing**. Íomhá: Fiona Morgan.
6. Damien Dempsey in **Tales from the Holywell** le Damien Dempsey. Íomhá: Rich Gilligan.
7. An lucht féachana ag **Distillation** le Luke Casserly. Íomhá: Patricio Cassinoni.
8. Bryan Murray agus Matthew Malone in **An Old Song, Half Forgotten** le Deirdre Kinahan (i gcomhléiriúchán le SoFFT Productions). Íomhá: Ros Kavanagh.
9. Marie Mullen agus Anna Healy in **Audrey or Sorrow** le Marina Carr (i gcomhléiriúchán le Landmark Productions). Íomhá: Ros Kavanagh.



Instagram: @abbeytheatredublin

Facebook: @abbeytheatredublin

X: @AbbeyTheatre

YouTube: @AbbeyTheatre

abbeytheatre.ie

+353 1 887 2200

26/27 Lower Abbey Street,

Dublin 1, D01 K0F1,

Ireland



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media